

SGÉAL AN CHEANNUIDHE FIONN

An Ceannuidhe Fionn a bhí ann chuir rí a bhí ann ar an bhfairrge é féachaint a bhfaighfeadh sé amach cén chaoi a raibh an fhairrge ag imtheacht, mar ní raibh fear ar bith chomh meabhrach leis an gCeannuidhe Fionn. Casadh easgan annsin leis agus chaith sé trí oidhche agus trí lá a' seoladh ó tháinig sé ag a drioball go raibh sé ag a cloigeann. Nuair a bhí an easgan caithte ansoin aige casadh giolcach leis agus bhí sé trí lá agus trí oidhche ag imtheacht idir dhá alt a bhí air. Nuair a bhí an méid sin déanta aige tháinig sé ag áit agus b'fhacthas dó go raibh an soitheach dhá fuadach an-mhór le sruth ann agus chuir sé cábla amach agus bhí sí a' tarraingt an chábla nó gur chuir sé cábla síoda amach agus nuair a chuir sé an cábla síoda choinnigh sé í. Sgaoil sé sail amach ansoin agus fuair sí fuadach ghéar gur cuideadh a cloigeann os a cionn agus go ndeachaidh an cloigeann as amharc síos faoin taoile. D'fhan sé ansoin gur thosuigh an taoile a dul aníos aríst, agus nuair a thosuigh an taoile a dhul aníos aríst thosuigh an tsail a dhul aníos ina sliseogaí.

Nuair a thosuigh an taoile a' tigheacht aríst níor rinne sé ach an soitheach a tharraingt a' dul an seoil. Bhí sé a' seoladh leis gur casadh sgonsa éisg mhór leis agus bhí siad chomh hard agus nach raibh sé i ndon aon bhlas den fhairrge a fheiceál an taobh eile díobh. D'orduigh sé fear suas i mbarr na crannaibh. Chuaigh fear suas i mbarr na crannaibh agus nuair a bhí an fear thuas níor rinne sé ach a shean-gháire a chur as agus é féin a chaitheadh ar an taobh eile den bhreac.

"Gabh suas" adeir sé le fear eile, "cé brí cén sórt mí-áth a tháinig air sin é féin a chaitheadh i bhfairrge. Chuaidh an fear eile suas agus nuair a bhí sé shuas níor rinne sé ach a shean-gháire a chur as agus é féin a chaitheamh i bhfairrge. "Bhoil níl aon ghnó a bheith ag caitheamh amach níos mó" adeir an Ceannuidhe Fionn, "ach tá fhios a'm-sa" adeir sé, "céard tá ar an taobh eile den chlaide sin, tá Tír na hÓige."

An sgian a bhí ina láimh aige níor rinne sé ach í a iompughadh ina láimh agus í a chaitheamh i bhfairrge agus ansoin sheol sé leis agus tháinig sé abhaile. Nuair a tháinig sé abhaile ansoin, an oidhche chéadna a dtáinig sé, i dtosach sul dhá ndeachaidh sé chomh fada leis an rí chuaidh sé amach sa ngáirdín agus sé an chéad rud a fuair sé an sgian sáithe i meall gabáiste ann. Nuair a bhuail sé chomh fada leis an rí ansoin d'fiarruigh an rí de cén sgéal a bhí aige. "Chonnaic mé iongantaisí" adeir sé. "Cé na hiongantaisí a chonaic tú?" adeir an rí. "Chaith mé trí oidhche agus trí lá" adeir sé "ó tháinig mé ag drioball easgain go raibh mé ag a cloigeann."

Bhí bolsgaire ag an rí agus ní raibh fear ar bith ar talamh ba bhreaghtha ná é. Nuair a chuala sé an Ceannuidhe Fionn a' rádh gur chaith sé trí lá ag dhul ó dhrioball easgaine go dtí na cloigeann, "anois" adeir an bolsgaire, "tá tú a' tosughadh a' dathadh." "Chaith mé trí

oidhche agus trí lá” adeir a’ Ceannuidhe, “ag imtheacht idir dha fhíodán giolcaigh.” “Ó” adeir an bolsgaire, “is fearr na sin é. Shílfea go raibh ceann maith déanta cheana a’d, ach bhuail sé sin é.” “Bhí mé go mo thabhairt ansoin an-mhór le sruth” adeir an Ceannuidhe, gur chuir mé cábla síoda amach agus chuir mé sail amach agus chonnaic mé an tsail ag imtheacht le sruth nó go bhfaca mé ceann di a dhul síos agus ansoin an ceann eile agus bhí sí síos go dtáinig sí aníos ina píosaí.” “Á” adeir an bolsgaire, bhuail sí sin amach uilig iad.” “Bhoil sheol mé liom ansin” adeir an Ceannaidhe Fionn, “go dtáinig mé ag sgonsa bric mhóra agus bhí chaon cheann acab chomh hard le crann an tsoithigh. Chuir mé fear suas agus rinne sé gáire agus chaith sé é féin amach an taobh eile díobh. Chuir mé fear eile suas ansoin agus rinne sé an cleas céadhna. “Meas tú anois” adeir an bolsgaire, “an dícéille a bhí orrab sin?” “Níl fhios a’m” adeir an Ceannuidhe Fionn, “ní fhaca mise aon dícéille orrthab.” “Bhoil muiise is le dícéille a rinne siad é” adeir an bolsgaire, “sin nó áit mhaith eicint a fheiceál.” “Tá tú cainnt ceart anois” adeir an Ceannuidhe Fionn. “Bhoil thuit mo sgian i bhfairrge uaim san áit chéadna ar imthigh na fir uaim agus agus nuair a tháinig mé abhaile sí an chéad rud a fuair mé í agus í sáithe i ndas gabáiste.” “Bhoil muiise” adeir an bolsgaire, “is tú an fear is bréagaighe do sheasamh ar an talamh indiu.” “B’fhéidir gur mé” adeir an Ceannuidhe Fionn. “Ach anois” adeir sé leis an mbolsgaire, “an dtiocfá in aonfhacht liom go spáinfinn na rudaí sin dhuit.” “Tiocfad” adeir an bolsgaire, “má leigeann mo mháighistir ann mé.” “Ach céard a dhéanfas mise mara dteagfaidh tusa ar ais, nach tusa atá a’ coinneál a’ chloiginn orm-sa agus mara dteagfaidh tú ar ais nach raibh sé chomh maith dhom féin a dhul ann.” “Níl aon ghnó a’d a thigheacht mara mbeidh an bolsgaire a’ teacht a’d.”

Sheoil sé leis ansoin go dtáinig sé go dtí an easgan agus go raibh sé trí oidhche agus trí lá a dhul óna drioball go dtí na cloigeann. “Dubhairt tú an fhírinne an bobhta sin” adeir an bolsgaire. Sheoil sé leis aríst go dtáinig sé go dtí an giolcach. Chaith sé trí oidhche agus trí lá ag imtheacht idir dhá alt. “Tá fírinne an iarra sin a’d” adeir an bolsgaire. Nuair a tháinig sé ansoin san áit a raibh an fuadach ar a’ taoille chuir sé amach cábla síoda agus sgaoil sé amach an tsail agus chonnaic a’ bolsgaire an tsail ag imtheacht gur cuireadh a ceann síos agus an ceann eile suas san aer gur súadh síos í. D’fhan siad ann ansoin go go dtáinig a’ tsail aníos in píosaí. “Muide” adeir an bolsgaire, “is mairg a mhaslaigh thú, is a’d a bhí an fhírinne ag gach uile ionntughadh.” Sheol sé leis ansoin go ndeachaidh sé go dtí an sgonsa éisg, agus ní fhaca tú iongantas ar bith ach an t-anró a bhí sé a fhághail ón mbolsgaire ag iarraidh a dhul i mbarr crainn. “Bhoil” adeir an bolsgaire, “níl aon ghnó a’m-sa abhaile go dtí an Rí mara mbeidh tusa liom agus níl baoghal ar bith ar an bpointe agus a dtiocfaidh tusa i mbarr na crannóige nach gcaithfidh tú féin ar an taobh eile. “Ach” adeir sé, “Ó tharla go bhfuil an fhírinne uilig ann seo dhuit mo sgian agus caith amach í agus ar a’bpointe agus a dtéigh tú abhaile mara bhfághadh tú í sin sáithe i meall gabáiste i ngáirdín a’Rí abair go bhfuil mé bréagach.”

Chuaidh siad abhaile ansoin agus ‘s gearr go go bhfaca an Ceannuidhe Fionn an tóin bháithe ag eirigh ina ndiaidh. Nuair a bhí sí le linn briseadh isteach os a gcionn dubhairt an Ceannuidhe Fionn leis an mbolsgaire “tabhair leat an gró laidhre sin agus caith amach ina béal é agus ní bhrisfidh sí agus ní dhéanfaidh sí aon bhlas ar an soitheach.” Nuair a bhí sí a dhul isteach ar an soitheach chaith sé an gró ina béal agus bhris sí agus níor fhan fleam sa

bhfairrge aríst go ceann cupla uair eile ach 's gearr gur thosuigh sí ag eirigh aríst. Nuair a bhí sí le linn briseadh dubhairt sé leis bogh saidhead a bhí sa soitheach a chaitheamh léithe. Thug an bolsgaire leis é agus chaith sé isteach ina béal é agus nuair a chaith chiúin sí aríst. Nuair a bhí sí sgathamh ciúnta thosuigh sí ag eirighe aríst, agus nuair a bhí sí le linn daimséar a dhéanamh aríst dubhairt sé leis a dhul síos sa gcábán agus an cut a bhí ann a thabhairt aníos agus é a chaitheamh léithe. Nuair a chaith sé an cut ansoin léithe, nuair a fuair sí an méid sin le n-ithe chiúin sí amach. Nuair a bhí sí ciúnta amach ansoin ní mórán achair go bhfaca siad fear a' teacht a' marcúigheacht ar chapall ar bharr na fairrge. Tháinig sé suas le taobh an tsoithigh. "Tá sé chomh maith dhuit" adeir sé leis an gCeannuidhe Fionn, "iasacht an bholsgaire sin a thabhairt dom go ceann ceathramha uaire." "Bhoil" adeir an Ceannuidhe Fionn, "níl aon ghnó agam-sa a dhul abhaile gan é sin a bheith agam." "Tá fhios orm na coinghiolacha atá ort" adeir an fear, "ach tá mé ag tabhairt mo lámh 's mo fhocal duit gcoinneochaidh mé é, agus is lámh agus focal duine uasal iad." "Tá fhios a'm go b'eadh" adeir an Ceannuidhe Fionn. Chuaidh an bolsgaire taobh shiar de ar an gcapall. Ní raibh mórán achair go raibh go raibh sé istigh sa gcúirt ba bhreaghtha dá bhfaca siad ariamh agus bhí bean ann agus an gró laidhre agus an bogha saighead agus an cut istigh ina taobh. Bhain an bolsgaire amach iad agus thug fear an chapuill (b'a é dreátháir na mná é) íocshláinte leis agus leigheas sé í. "Shíl mise an soitheach a bháitheadh" adeir sí, "rus go mbeithfeá féin a'mar tá mé tuitthe i ngrádh leat ach tá súil a'm go dtiocfaidh tú ar ais a'm. "Sé a bhfuil uaim é" adeir an bolsgaire. "Seo buataisí siubhail dhuit" adeir sí. "Nuair a thiubhras an Ceannuidhe Fionn chuig an Rí thú níl ort ach iad seo a chur ort agus tiubhraidh siad ag a' bhfairrge thú agus beidh mise romhat." D'imthigh leothab ansin go dtáinig siad abhaile agus sé an chéad mhaith rinne an bolsgaire a dhul amach as an sgian a fhághail sa meall gabáiste.

Nuair a tháinig sé isteach ansoin dubhairt sé leis a' Rí go b'shin sgian a chaith sé féin i bhfairrge agus go raibh sé roimhe sa ngairdín nuair a tháinig sé, agus dubhairt sé nach raibh an Ceannuidhe Fionn ag déanamh aon bhréag ach an fhírinne sa chuile fhocal dá raibh sé a rádh. "Ach tá mise dhul go Tír na hÓige anois" adeir sé leis an Rí.

Dubhairt an Rí go bhféadfadh sé nach raibh sé féin i ndon é a choingbheáilt as áit ar bith a dtogróchadh sé a dhul. Chuir sé air na bróga ansoin agus bhuail leis go ndeachaidh sé san áit ar orduigh sí dhó. Nuair a chuaidh sé chomh fada leis an áit bhí sí ann agus an capall bán aici. D'fhiafruigh sí de a raibh sé a' teacht. Dubhairt sé go raibh ach go gcaithfeadh sé bealach maith a fhághail agus gan aon duine a bheith ina mháighistir air ach é féin. Dubhairt sí nach mbeadh. Bhuail siad an siubhail ansoin a' marcúigheacht ar an each caol bán.

Ag á na mháthair a chuala Micilín an sgéal seo. Pádraic Ó Flaithearta a sgríobh an sgéal.